2026/1853

27.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1853 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Iúil 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1529 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(3) agus (4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/1529.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2023/1532 ([2]), chinn an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 27 Iúil 2027.

(3) Chinn an Chomhairle gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le ceathrar a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1529 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1529/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear (IO L 186, 25.7.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1532/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529, faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

2. Mohammad Shahab KHANIAN

8. Gholam Ali RASHID

13. Behnam SHAHRIYARI

14. Ali SHADMANI.